# Gníomhaíochtaí Daltaí: Teoirim 13

**Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach "Teoirim 13" ar CD an Dalta.**

**Chun an gaol a fhiosrú idir na sleasa comhfhreagracha i dtriantáin chomhchosúla.**




1. Cad a thugann tú faoi deara maidir leis na huillinneacha sna triantáin ABC agus DEF?

 ____________________________________________________________________________

 ____________________________________________________________________________

2. Bog na barraí sleamhnáin "An uillinn A" agus "An uillinn B". Cén gaol atá idir uillinneacha an dá thriantán anois?

 ____________________________________________________________________________

 ____________________________________________________________________________

3. An bhfuil sleasa na dtriantán cothrom lena chéile?

 ____________________________________________________________________________

 ____________________________________________________________________________

4. Cad a thugtar ar dhá thriantán a bhfuil a gcuid uillinneacha mar an gcéanna cé nach bhfuil a gcuid sleasa mar an gcéanna?

 ____________________________________________________________________________

 ____________________________________________________________________________

5. Nuair a chliceálann tú an ticbhosca don aistriú, cad a thugann tú faoi deara?

 ____________________________________________________________________________

 ____________________________________________________________________________

6. Cliceáil an ticbhosca don aistriú. Cad a thugann tú faoi deara faoi na mírlínte AB agus D1E1?

_________________________________________________________________________

_________________________________________________________________________

7. Cad é cóimheas $\frac{|AC|}{|DF|}$? Bíodh na ríomhaireachtaí le feiceáil. (Tá na faid sa chomhad idirghníomhach cruinn go dtí ionad deachúlach amháin. B'fhéidir go mbeadh impleachtaí ansin do roinnt de na ríomhaireachtaí.)

_________________________________________________________________________

_________________________________________________________________________

8. Cad é cóimheas $\frac{|BC|}{|EF|}$? Taispeáin na ríomhaireachtaí. (Tá na faid sa chomhad idirghníomhach cruinn go dtí ionad deachúlach amháin. B'fhéidir go mbeadh impleachtaí ansin do roinnt de na ríomhaireachtaí.)

_________________________________________________________________________

_________________________________________________________________________

9. Cad é cóimheas $\frac{|AB|}{|DE|}$? Taispeáin na ríomhaireachtaí.

_________________________________________________________________________

_________________________________________________________________________

10. Bog na barraí sleamhnáin do na boinn agus féach mar a athraíonn na faid. An bhfuil na cóimheasa fós mar a chéile?

_________________________________________________________________________

11. Ó bheith ag féachaint ar an gcomhad idirghníomhach, an aontaíonn tú leis an teoirim: "Má tá dhá thriantán comhchosúil, ansin tá a gcuid sleasa comhfhreagracha i gcomhréir."?
Mínigh an ráiteas i do chuid focal féin.

_________________________________________________________________________

_________________________________________________________________________

**Dúshlán**

12. Faigh fad gach sleasa sna triantáin seo.

